


CULTÚRLANN
MᶜADAM Ó FIAICH

# CLÁR NA FÉILE BEALTAINE

## BEALTAINE PROGRAMME 2022

AIBREÁN - MEITHEAMH | APRIL - JUNE

# Focal ón Stiúrthóir

## Word from the Director

Mol an óige agus tiocfaidh sí! Tá foirgneamh na Cultúrlainne 125 bliain ar an fhód agus bíonn súil chun cinn i gcónaí againn lena chinntiú go mbeidh sé ina áis luachmhar don phobal go ceann na mblianta fada. Tá neart imeachtaí ealaíon ann do pháistí agus daoine óga a chuirfidh féith na cruthaitheachta ag aclú iontu.

Tá fáilte mhór roimh thachráin, tuismitheoirí agus caomhnóirí chun rannta agus dánta úra a fhoghlaim, agus an chuid is ansa leo a aithris arís is arís eile i gcomhar leis na Babaithe Cultúir agus Tríona Ní Bhrádaigh agus Na Bopóga.

Tá fás leanúnach ag teacht ar líon na n-ealaíontóirí óga a ghlacann páirt in Aisling Óg – agus spás ann do thuilleadh arís! Gheobhaidh do pháiste an deis faobhar a chur ar a scileanna aisteoireachta, ceoil agus ealaíne in atmaisféar taitneamhach.

Tá seoltaí leabhar beartaithe go speisialta don mhuintir óg, ina measc 'Scéalta ón bPailistín', tionscadal speisialta de chuid an Dr Eithne



O'Connell ó DCU agus acadóirí in Ollscoil Birzeit inar aistríodh scéalta traidisiúnta agus nua-aimseartha ó Araibis go Gaeilge, iad maisithe go galánta ag ealaíontóirí éagsúla. Léiríonn na seanscéalta go háirithe na gnéithe atá i gcoitinne againn uilig mar dhaoine.

Maidir leis na físealaíona, beidh súil siar ann i mí an Mheithimh ar shaothar an Fheirstigh chlúitigh Dan O'Neill (1920-1974), agus beimid ag tabhairt ardán d'ealaíontóirí óga, áitiúla fosta. Beidh saothar Euen Gébler, ar bronnadh Gradam Céimí Chultúrlann McAdam Ó Fiaich air anuraidh, ar taispeáint i mí na Bealtaine.

Tá neart eile le fáil sa chlár istigh agus táimid ag súil go mór le d'fheiceáil go luath!

Praise the young and they will flourish! The Cultúrlann building has been standing proud and tall for 125 years, and an important part of our work is to ensure it will remain an invaluable resource for the community for many years to come. As always, we have plenty of arts activities for young people to get their creativity flowing.

Toddlers, parents and guardians, join us to learn new rhymes and recite your old favourites with Babaithe Cultúir and Tríona Ní Bhrádaigh and Na Bopóga.

Our school for budding artistes, Aisling Óg, continues to grow – and there's always room for more! Your child will get the chance to hone their acting skills and tap into their musical and artistic talents in a warm and welcoming atmosphere.

We have book launches galore, with a special session for schools as we launch a collection of new and traditional stories from Palestine translated from Arabic to Irish as part of a collaboration between Dr Eithne O'Connell from DCU and her counterparts in Birzet University. The old stories in particular demonstrate what's important and universal to people everywhere.

Our visual arts programme celebrates our commitment to both exploring our heritage and helping future generations fulfil their potential.

The work of world-renowned Belfast artist Dan O'Neill (1920-1974) will be exhibited in June, while last year's recipient of the Cultúrlann McAdam Ó Fiaich Graduate Student Award, Euen Gébler, will have his first solo show in May.

There's plenty more to see inside, and we look forward to welcoming you to An Chultúrlann soon!

**Gráinne Ní Ghilín**

# Teachtaireacht ónar bPríomh Mhaoinitheoir

## Message from our Principal Funder



Agus muid ag dul trí Chlár na Bealtaine agus muid ag pleanáil na himeachtaí ar mhaith linn freastal orthu ... an taispeántas nua i nDánlann Dillon, b'fhéidir; nó ceol traidisiúnta le Kevin Meehan; nó an ceann is deireanaí sa tsraith leabhar pictiúr le Máire Zepf agus an tUas. Ando; nó an t-aos óg cumasach taibheoirí i scoil drámaíochta Aisling Óg; nó, bhuel, cén fáth nach rachaimis le hamharc ar gach ceann acu thuas ...! Ansin, agus muid ag smaoineamh ar an réimse iontach ealaíon, cultúir agus siamsaíochta seo atá ar fáil do chách sa Chultúrlann idir Aibreán agus Meitheamh, ritheann an smaoineamh liom: nach iontach an difríocht a dhéanann imeacht bliana (nó fiú dhá bhliain?). Siar i mí Aibreáin 2020, ní mó ná go raibh tuiscint ar bith againn a oiread agus a chuirfí ár saol bunoscionn.

Ach is anseo atáimid, mar sin féin, i mí Aibreáin 2022, agus muid ag dul ar aghaidh arís go dóchasach diongbháilte. Bhí an Chultúrlann ar fáil dúinn i rith na paindéime, ag freastal ar na healaíona agus ar an phobal i gcoitinne, agus tá sí ag saothrú dúinn go fóill, agus í ag soláthar ar rud atá go díreach de dhíth ar gach duine, le clár spreagúil na Bealtaine: blaiseadh beag an-tráthúil den inspioráid chruthaitheach!
Mar phríomh-mhaoinitheoir na Cultúrlainne trí chistí an Chrannchuir Náisiúnta, is ábhar bróid don Chomhairle Ealaíon bheith in ann tacú leis an Chulturlann.

As we scroll through the Bealtaine programme and start planning what events we want to see ... the new exhibition by Dánlann Dillon, perhaps, or Trad music with Kevin Meehan, or the latest in Máire Zepf and Mr Ando's picture book series, or the talented young performers at the Aisling Óg drama school, or, well, why not all of the above?!

Then as we consider this fantastic range of excellent arts, culture and entertainment available for everyone to enjoy here at the Culturlann between April and June, the thought strikes me - what a difference a year (or two!) makes! Back in April 2020 we hadn't begun to grasp just how much our lives would be upended. But here we are, nonetheless, in April 2022, stepping forward once again with renewed optimism and purpose. The Culturlann has been here for us throughout the pandemic, serving the arts and the wider community, and here we are still, giving everyone just what the doctor ordered with our uplifting Bealtaine programme: a very timely shot of creative inspiration!

As principal funder through our National Lottery funds, the Arts Council is proud to support the Cultúrlann as it continues to inspire everyone through the arts.

**Roisín McDonough,**
**Chief Executive,**
**Arts Council of Northern Ireland**

Aibreán | April

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*02/04/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Seoladh Leabhair: Bone and Marrow \| Cnámh agus Smior**<br>*02/04/22* | Litríocht \| Literature | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*04/04/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*09/04/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*11/04/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Téarma Nua \| New Term: Ranganna Amhránaíochta**<br>*14/04/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol \| Education & Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*16/04/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Raidió na Gaeltachta: Bladhaire le hÁine Ní Bhreasláin**<br>*29/04/22 \| 3:00 - 5:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Téarma Nua \| New Term: Ranganna Gaeilge**<br>*20/04/22 - 29/06/22 \| 7:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |

Aibreán | April

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Na Bopóga**<br>*23/04/22 \| 11:00am - 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*23/04/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Téarma Nua: Aisling Óg**<br>*23/04/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ciorcal Léitheoireachta**<br>*25/04/22 \| 6:30pm* | Litríocht \| Literature | zoom |
| **Ióga le Dúnla**<br>*26/04/22 \| 7:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Ceol na mBan**<br>*29/04/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Na Bopóga**<br>*30/04/22 \| 11:00am - 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*30/04/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*30/04/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ag Ceiliúradh Caomhnóireacht:**<br>*Celebrating Custodianship*<br>*30/04/22 \| 1:30pm \| Tom Hartley* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Seoladh Albaim: Spanish Point le Kevin Meehan**<br>*30\|04\|22 \|8:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |

Bealtaine | May

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Ióga le Dúnla**<br>*03/05/22\| 7:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Seoladh: Corraíolacha \| Disturbances**<br>*le Euan Gébler*<br>*05/05/22 - 09/06/22 \| 7:00pm* | Ná hAmharcealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Seoladh: Ar Chúl na Súile**<br>*Behind the Eye \| Lucy Moyes*<br>*05/05/22 - 09/06/22 \| 7:00pm* | Ná hAmharcealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Dianchúrsa Gaeilge \| Irish Language Intensive Course**<br>*07/05/22\| 10:00am - 3:00pm* | Oideachas \| Education | Cultúrlann |
| **Na Bopóga**<br>*07/05/22 \| 11:00am - 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*07/05/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*07/05/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*09/05/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*10/05/22 \| 7:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Na Bopóga**<br>*14/05/22 \| 11:00am - 12:00pm* | Teaghlaigh \| Families | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*14/05/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Seoladh Leabhair: Rita agus an Fathach**<br>*14/05/22 \| 1:00pm* | Teaghlaigh & Litríocht \| Families & Literature | Cultúrlann |

Bealtaine | May

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Aisling Óg**<br>*14/05/22\| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*16/05/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*17/05/22 \| 7:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*21/05/22\| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*21/05/22\| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*23/05/22\| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*24/05/22\| 7:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Ceiliúradh 25 Bliain Aisling Ghéar**<br>*26/05/22* | Amharclannaíocht agus Pobal \| Theatre and Community | Cultúrlann |
| **Ceol na mBan**<br>*27/05/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*28/05/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*28/05/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ag Ceiliúradh Caomhnóireachta:**<br>*Celebrating Custodianship*<br>*27\|05\|22 - 1:30pm \| Peter Finn* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Ciorcal Léitheoireachta** \| *Reading Circle*<br>*30/05/22 \| 6:30pm* | Litríocht \| Literature | zoom |

Meitheamh | June

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Coirnéal an Cheoil** *04/06/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg** *04/06/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál** *06/06/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla** *07/06/22 \| 7:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil** *11/06/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg** *11/06/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál** *13/06/22\| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla** *14/06/22 \| 7:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Seoladh: Dan O'Neill** *16/06/22 - 14/08/22 \| 7:00pm* | Ná hAmharcealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |

Meitheamh | June

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Seoladh: Looking for a Home, a Place to call our Own, a Place where we can be Alone**<br>*Ag aimsiú Baile, Áit ar linn í, Áit inar féidir linn bheith linn féin le Patrick Hickey*<br>*16/06/22 - 14/08/22 \| 7:00pm* | Ná hAmharcealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*18/06/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*18/06/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*20/06/22 \| 6:00 - 10:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ióga le Dúnla**<br>*21/06/22 \| 7:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Ceol na mBan**<br>*24/06/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Ag Ceiliúradh Caomhnóireachta:**<br>*Celebrating Custodianship*<br>*25/06/22 - 1:30pm \| Véronique Altglas* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*25/06/22 \| 12:30 - 2:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Aisling Óg**<br>*25/06/22 \| 1:00 - 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Ciorcal Léitheoireachta** \| *Reading Circle*<br>*27/06/22* | Litríocht \| Literature | zoom |




## An Ceathrú Póilí

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

**Uaireanta oscailte |**

**Luan-Aoine : 9:30am - 5:30pm**
**Satharn : 9:30am - 4:00pm**
**Tá an siopa ar líne:**
**www.anceathrupoili.com**
**– oscailte 24/7**

An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

**Our opening hours are:**

**Monday - Friday : 9:30am - 5:30pm**
**Saturday : 9:30am - 4:00pm**
**Our online shop:**
**www.anceathrupoili.com**
**– is open 24/7.**




## Bia

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is caifé agus bialann é Bia do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bia agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn! Le tábla a chur in áirithe, cuir glaoch orainn ar **02890 964184.**

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bia is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards! Come and join us! To book a table, call us on **02890 964184.**



## Cumann Óige na bhFál Dé Luain

Beidh Cumann Óige na bhFál ar ais le seisiún do pháistí bunscoile (6-8pm) agus seisiún do dhéagóirí (8-10pm). Ar a bharr seo cuirimid cúrsaí forbartha pearsanta ar fáil do na déagóirí, iad dírithe ar shláinte, ar mheabhairshláinte, ar shábháilteacht ar líne agus ar thromaíocht agus eile.

Cumann Óige na bhFál is back with a session for primary school children (6-8pm) and a teenagers' session (8- 10pm). As well as this we're running personal development courses for our teenagers focusing on health, mental health, safety online, bullying and more.

**6:00 - 8:00pm**
**Páistí Bunscoile | Primary School Children**

**8:00 - 10:00pm**
**Déagóirí | Teenagers**




## Aisling Óg

Beidh scoil drámaíochta na Cultúrlainne 'Aisling Óg' ag cur tús le téarma nua an 23 Aibreán agus tá muid ar bís! Seo deis iontach le cur le muinín agus le scileanna cumarsáide agus aisteoireachta páistí óga ó Rang 1 ar aghaidh chomh maith le bualadh le cairde nua agus spraoi a bheith acu. Déanann muid gach gné de na healaíona a thaiscéaladh - damhsa, ealaín, ceol agus drámaíocht ina measc, le clár spreagúil bríomhar a chomhlíonadh. Bíonn seó againn ag deireadh an téarma lenár gcuid oibre crua a chur ar taispeáint.

Cultúrlann's Drama School 'Aisling Óg' begins a new term on 23rd April, and we cannot wait! This is a great opportunity for children from Primary 1 and up to build on their confidence, conversational skills and acting abilities all whilst making new friends and having great fun. We explore every aspect of the arts including dance, art, music and drama to fulfil an exciting and engaging programme. We also produce an end of term performance to show off all our hardwork.

**23/04/22 – 25/06/22**
**1:00 - 3:00pm**
**£30 | Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Na Bopóga

### le Tríona Ní Bhrádaigh

Ná caill Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo, agus a gcairde go léir lena gcuid scéalta, amhrán agus damhsaí a mbainfidh páistí beaga an-spraoi astu agus iad ag cur lena bhforbairt oideachasúil. Beidh réimse scéalaíochta, puipeadóireachta agus gníomhaíochtaí ealaíne ann le suim na bpáistí a choinneáil.

Don't miss Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo and all their friends with their stories, songs and dances that small children will enjoy while enhancing their educational development. There will be plenty of storytelling, puppets and art activities to keep the little ones entertained.

**23/04/22 - 14/05/22**
**11:00am - 12:00pm**
**£3 an tseachtain | per week**




**Seoladh | Launch:**

## Rita agus an Fathach

Is cailín beag í Rita a bhfuil smaointe móra aici. Agus í buartha faoin timpeallacht, ba mhaith léi fathach ollmhór chun an plaisteach a scaobadh as na farraigí, an truailliú a shéideadh as an spéir agus an pláinéad ar fad a ghlanadh suas. Ach an féidir le fathach sin a dhéanamh ar a aonar?

Rita is a little girl with big ideas. Rita is worried about the planet and wishes she had a giant who could collect all the plastic from the oceans and clean up the whole world. But can a giant do all of that alone?

**14/05/22**
**1:00pm**
**Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




## Seoladh | Launch: Scéalta ón bPalaistín

**le Dr Eithne O'Connell**

Seolfar leabhar galánta do pháistí le seacht scéal ón Phalaistín a aistríodh ó Araibis go Gaeilge. Scéalta ón bPalaistín sean agus nua is teideal don leabhar atá curtha ar fáil ag Tionscnamh Leabhar Noor Ash Shams, comhthionscadal idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Birzeit ar an Bhruach Thiar. Cuireadh tús le Tionscnamh Leabhar Noor Ash Shams in 2014 agus é mar aidhm leis leabhair do pháistí in Araibis agus i nGaeilge a fhoilsiú agus a dháileadh ar léitheoirí óga in Éirinn agus sa Phalaistín le go mbeadh tuiscint acu ar chultúr a chéile.

**CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH**

A beautiful book for children which encompasses seven stories from Palestine translated from Arabic to Irish. Scéalta ón bPalaistín sean agus nua (Stories from Palestine old and new) is the title of the book produced by the Noor Ash Shams Project, a collaborative project between Dublin City University and Birzeit University on the West Bank.
The Noor Ash Shams Book project was established in 2014 with the aim of publishing children's books in Arabic and in Irish and distributing them among young readers in Ireland and Palestine in order to promote a better understanding of one another's culture.

**20|05|22**

**Am le Fógairt | Time to be announced**



# Coirnéal an Cheoil

## The Music Corner

Bígí linn achan Satharn sa chaifé nuair a sheinntear scoth an cheoil thraidisiúnta le sárcheoltóirí agus sáramhránaithe.

Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians playing in the café.

**Gach Satharn | Every Saturday**
**12:00 - 2:00pm**
**Cultúrlann**




## Oíche Síol

Oíche ar leith shiamsaíochta arna cur i láthair ag Máire Dhubh agus a cairde. Bíonn scoth an cheoil, na cuideachta agus na nduaiseanna deasa ag Oíche Síol. Cuirtear fáilte roimh gach duine amhrán nó scéal a rá, nó cúpla port a bhualadh. Téann gach fáltas ón oíche chuig an iliomad carthanachtaí a dtugann Síol tacaíocht dóibh. Crannchur ar an oíche do chách a cheannaíonn ticéad.

A special night of entertainment presented by Máire Dhubh and friends. Oíche Síol is always a great night of music, company and nice prizes to win on the night. We welcome anyone who wants to sing a few songs, play a few tunes or tell a story on the night. All proceeds raised go to the many good causes that Síol supports. Free entry into prize draw with every ticket purchased.

**Mí Meithimh – Dáta le fógairt | June – Date to be announced**
**8:00pm**
**Costas | Cost:** Saorchead isteach ach fáilte roimh shíntiús | Free but donations welcome

**Seoladh Albaim:**

# Spanish Point

## le Kevin Meehan




Ceannródaí reatha i saol an cheoil thraidisiúnta é Kevin Meehan as Baile Átha Cliath. Níl sé ach sna fichidí luatha ach tá sé ina mháistir cheana féin ar an fheadóg stáin agus tugann sé an uirlis chomh fada agus is féidir leis i dtreo úrnua.

Tá an domhan siúlta ag Kevin ar a chamchuairt cheoil agus is minic é ar an ardán le Gráinne Holland, ceoltóir iomráiteach as Béal Feirste. Sheinn sé ar ardáin i leithéidí Mheicsiceo, na Liobáine, na Siombáibe, na Cipire, Thaihítí agus na Rúise. I Lúnasa 2019, bhí sé d'onóir ag Kevin a bheith ag seinm in éineacht lena bhuíon cheoil féin, Tróda, ag leath ama chluichí ceannais iománaíochta na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh. I mí na Samhna, bhí Kevin ag seinm i gcuideachta Jack Warnock ar Other Voices i nDaingean Uí Chúis, féile a bhfuil an-tarraingt uirthi.

Is ar na mallaibh a d'eisigh Kevin an chéad albam aige dar teideal 'Spanish Point' ar a bhfuil meascán iontach de phoirt thraidisiúnta de chuid na hAlban agus píosaí nuachumtha arna spreagadh ag áiteanna iontacha in Éirinn. Meitheal 16 cheoltóir atá mar aíonna ar an albam as gach cearn d'Éirinn agus as Albain agus an Nua-Shéalainn. Alex Borwick a thaifead agus é féin agus Kevin agus Shane McCartan a léirigh, thar thréimhse ceithre bliana.

Ceol beoga na hÉireann agus na hAlban an spreagthach d'albam Kevin. An t-ardchaighdeán a bhaineann leis an phíosa a chum sé féin, 'Spanish Point', leagann sé dúshraith dhaingean do chéad albam a sheasfaidh do Kevin go ceann na mblianta fada. Is iomaí lucht éisteachta abhus in Éirinn agus thar sáile a thit faoi dhraíocht cheol Kevin agus is mithid dó anois a ghairmréim féin a sheoladh leis an albam úr seo aige.



Hailing from County Dublin Kevin Meehan is a current trailblazer in the modern traditional scene. He may be only in his early 20s but already he has become a master of the whistle, pushing the instrument to its limits in a new and fresh direction.

Kevin has toured extensively throughout the world and regularly appears on stage with renowned Belfast singer Gráinne Holland. He has performed all over the world in countries such as Mexico, Lebanon, Zimbabwe, Cyprus, Tahiti and Russia. In August 2019 Kevin had the immense honour of performing with his band Tróda at the half-time of the All Ireland Hurling finals in Croke Park. Most recently in November 2021 Kevin played with Jack Warnock at the highly regarded Other Voices festival in Dingle.

Kevin has recently released his debut album 'Spanish Point' which includes a mixture of exciting traditional Scottish tunes and energetic new compositions inspired by landmark locations in Ireland. The album features a collective of sixteen guest musicians from around Ireland, Scotland and New Zealand and was recorded by Alex Borwick and produced by Alex, Kevin and Shane McCartan over a period of four years.

Kevin's album has drawn inspiration from the vibrant Irish and Scottish music scenes. His composition 'Spanish Point' sets a high standard for a debut album which will stand to him for years to come. Having delighted and entertained audiences in Ireland and across the globe Kevin is now excited to launch his own solo career with his new album and band.

*"One feels carried away with this exquisite collaboration of sound"*
- The Irish Music Magazine

*"Skillfully weaving traditional and contemporary sounds with technical brilliance, Kevin Meehan's music sparkles with pure joy"*
- Muireann Nic Amhlaoibh

*"Widely recognised as one of the best whistle players in Ireland"*
- Conor Caldwell, The Duncairn Arts Centre

**30/04/22 | 8:00pm**
**Amharclann Mhic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**£5 byo:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Ceol na mBan

Tá muid ar bís go mbeidh seisiún speisialta na mban againn sa chaifé ar an Aoine dheireanach de gach mí mar aitheantas ar thábhacht, ar thallann agus ar ról na mban in earnáil an cheoil thraidisiúnta. Fáilte roimh chách, buailigí isteach!

The end of the month is upon us and we are delighted that on the last Friday of each month, we'll have an all female led session in recognition of the importance, talent and immeasurable role women have on the traditional music scene. All welcome, be sure to call in!

29/04/22 | 12:00 – 2:00pm

27/05/22 | 12:00 – 2:00pm

24/06/22 | 12:00 – 2:00pm




# Júcbhosca Filíochta

## Poetry Jukebox

Tá an Júcbhosca Filíochta ag **#AthrúTeachtaireachta!** Tá sé mar aidhm ag an togra seo an comhrá a athrú trí fhocail áille, dhoimhne agus dheimhnithe a roinnt, croíthe agus intinní a oscailt agus an fhilíocht a chur i mbun oibre san áit ar chóir di a bheith: gach áit, do gach duine.
Tá idir lúcháir agus bhród ar an Chultúrlann go bhfuil an chéad Júcbhosca Filíochta lán-Ghaeilge againne ó mhí Feabhra 2022. Cnuasach de 20 dán comhaimseartha atá in 'Cead Aighnis: Leave to Speak', iad léite ag na filí iad féin, le haistriúcháin go Béarla. Ba í an file iomráiteach Celia de Fréine a bhí i mbun choimeádaíocht an Júcbhosca Gaeilge agus tá dánta ann le filí aitheanta agus le filí nua araon, ina measc Gearóid Mac Lochlainn, Máire Mhac an tSaoi, Proinsias Mac a' Bhaird, Philip Cummings agus cuid mhór eile nach iad.
Chomh maith leis na cnaipí a bhrú ar an júcbhosca fisiciúil taobh amuigh den Chultúrlann, tá na dánta ar fad ar fáil ar líne ag **www.quotidian.ie**.

Poetry Jukebox are **#ChangingTheMessage!** This project aims to share beautiful, profound and life-affirming words and change the words on our streets, opening hearts and minds, putting poetry to work where it belongs:



everywhere, for everyone.
The Cultúrlann is proud to host of the first-ever Irish language Poetry Jukebox curation from February 2022. 'Cead Aighnis: Leave to Speak' is a collection of 20 contemporary poems, read by the poets themselves, and with translation to English.
Curated by celebrated poet Celia de Fréine, it includes work from Gearóid Mac Lochlainn, Máire Mhac a tSaoi, Proinsias Mac a Bhaird, Philip Cummings and many many more.
As well as pressing buttons on the physical jukebox outside the Cultúrlann, poetry-lovers will be able to listen online at **www.quotidian.ie**.



## Comórtas Filíochta 2022

Agus muid ag tógáil ar ár gcéad chomórtas filíochta in 2020, beidh muid ag cur fáilte roimh iontrálacha ar an tríú comórtas i ndiaidh na Cásca. Coinnigh súil ar ár suíomh agus ar na meáin shóisialta faoi choinne tuilleadh eolais.
Continuing to build on our successful inaugural poetry competition in 2020, we look forward to launching our third competition after the Easter break. Keep an eye on our website and social media for more details.




SEOLADH LEABHAIR | BOOK LAUNCH:

# Cnámh agus Smior Bone and Marrow:

## *An Anthology of Irish Poetry from Medieval to Modern*

Is de smior na Gaeilge í an fhilíocht. Ó 'Pangur Bán' ar aghaidh, téann an fhilíocht agus an chaint fhileata ó chnámh go smior agus ó smior go smúsach i gcultúr, i stair agus i dtraidisiún na Gaeilge. Nuair a théann cúis na hÉireann agus ceisteanna faoin tír agus faoin náisiúnachas go cnámh na huillinne, is minic an litríocht ina treoir agus ina slat tomhais. Díolaim is ea í seo ina rianaítear stair na hÉireann ó theacht na Críostaíochta go dtí ré Covid 19 tríd an fhilíocht agus tríd an amhránaíocht. Sna dánta seo, cloistear arís agus arís eile guth an ealaíontóra ag freagairt go hionraic, go samhailteach agus go macánta do cheisteanna agus do choimhlintí móra an tsaoil, bíodh na ceisteanna sin ag boilgearnach go háitiúil nó ag borradh aníos go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.



Geoffrey Keating/Seathrún Céitinn (c. 1569–c. 1644) author of Foras Feasa ar Éirinn, a history of Ireland from earliest times to the twelfth century offered a devastating indictment of previous historians who had both consistently and consciously ignored the achievements of the native Irish. "The bone and marrow of history," he assured skeptical readers, was to be found in poems, in the poetic tradition of the Irish language. Across the turbulent and often traumatic centuries, such poets witnessed and gave witness to a multiplicity of Irish experiences; the rich and multifaceted tradition they created is both a reckoning with Irish, European, and global realities, and an imaginative response to them. This bilingual anthology casts a wide net, and traces Irish history since the sixth century to the present day, with the aid of introductory essays and headnotes by a team of twenty-four renowned international scholars, it makes evident that so much of the bone and marrow of Irish history and culture is poetry.

**02/04/22**
**1:00pm**
**Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

# Corraíolacha | Disturbances

### le Euan Gébler

Tá lúcháir ar Chultúrlann McAdam Ó Fiaich chéad taispeántas aonair Euan Gébler, 'Corraíolacha', a chur in bhur láthair i nDánlann Dillon. Bhain Euan Gradam Iarchéime Chultúrlann McAdam Ó Fiaich in 2021.
Is taispeántas é 'Corraíolacha' a fhiosraíonn an gaol idir an cultúr agus an tírdhreach. Trí úsáid a bhaint as grianghrafadóireacht agus dealbhóireacht déanann Euan imscrúdú ar an teorainn éiginnte idir nithe nádúrtha agus nithe saorga; ar an dóigh a gcruthaíonn muid an domhan thart orainn agus ar an dóigh a gcruthaíonn an domhan sin muid féin. Gné an-tábhachtach den taispeántas ná próiseas an chairéalaithe thionsclaíoch. Agus é ag tabhairt cuairt ar shuíomhanna timpeall na hÉireann, pléann Euan leis an dóigh a léiríonn teanga amhairc na suíomhanna neamhghnácha seo ní hamháin ár ngaol leis an domhan ach ár ngaol leis na laethanta atá thart, agus leis na laethanta atá le teacht chomh maith. Trí thírdhreach, a cruthaíodh ciseal ar chiseal le linn tréimhse ollmhór geolaíochta, a nochtadh, a shuaitheadh agus a chorraí, cad é mar a mhúnlaíonn muid ár gcaidreamh le ham agus ár n-áit laistigh de.

Cultúrlann McAdam O'Fiaich is pleased to present the first solo exhibition from Euan Gébler, 'Disturbances', at the Gerard Dillon Gallery. Euan was the recipient of the 2021 Cultúrlann McAdam O'Fiaich Student Graduate Award.
Disturbances is an exhibition exploring the relationship between culture and landscape. Using photography and sculpture Euan explores the uncertain boundary between the natural and the man-made; how we shape the world around us and how it shapes us in return. A key subject of the exhibition is the process of industrial quarrying. Visiting sites around Ireland Euan explores how the visual language of these unusual sites reveals not only our relationship to the earth, but to our past, and to our future. In unearthing, upheaving, and disturbing a landscape formed layer by layer over immense geologic time how do we shape our relationship to time and our place within it?

**05/05/22 – 09/06/22**
**Dánlann Dillon**

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH



Seoladh:

# Ar Chúl na Súile

## *Behind the Eye / Lucy Moyes*

Pléann saothar Lucy Moyes leis an tionchar a bhíonn ag an fho-chomhfhios ar ár n-eispéiris, agus mar a théann sé i bhfeidhm ar an dóigh a láimhseálann muid rudaí agus ar an dóigh a léiríonn muid ár dtuiscint orthu dá réir.

Ina taispeántas deiridh a bhfuil duaiseanna buaite aici as, bhí go leor de na híomhánna ceangailte le sóchán ceall de bharr tinnis faoi leith agus meallta maolaithe. Anois mothaíonn sí gur mó tionchar a imríonn an timpeallacht sheachtrach ar a cuid oibre.

Ar aon dul leis an ealaín agus an nádúr, tá tinnis mar chuid den saol daonna ó bhí tús ama ann. Is rudaí normálta iad tinneas agus maolú, ach mothaíonn muid agus iompraíonn muid muid féin amhail is nach rudaí normálta iad. Mothaíonn réaltacht an scéil draíochtúil agus osréalach agus tá sí ag iarraidh na heispéiris sin a léiriú in íomhánna. Is breá léi an coincheap de bheith ag amharc ar rud éigin mar cuireann sé i gcuimhne dúinn rud inbhraite, rud éigin taobh istigh de do chorp nó rud éigin taobh amuigh de: nó fiú rud éigin taobh amuigh de do réimse feasachta go hiomlán.

Within Lucy Moyes's work, she explores the impact the subconscious has on our experiences, how it affects how we cope and express our understanding of things.

In her last award-winning show, much of her imagery related to cell mutation with certain illnesses and the diminishment of growths. Now she feels her work is influenced by the external environment more.

Like art and instincts, illnesses are undeniably a part of human life and have always been with us from the beginning of time. Illness and decline are normal, yet we feel and act abnormal. The reality of situations feels dreamlike and surreal, which is something she hopes to capture within her imagery. She loves the idea of looking at a piece as it reminds us either of something within, something outside of your body or even outside of your being altogether.

**05/05/22 – 09/06/22**
**Na Ballaí Bána**





## Daniel O'Neill

Rugadh Daniel O'Neill (1920 - 1974), nó Dan mar is fearr aithne air i measc a chairde, an 21 Eanáir 1920 i Sráid Dimsdale in Iarthar Bhéal Feirste. Féin-mhúinte don chuid is mó, theagasc an péintéir Sidney Smith é ina stiúideo i Sráid Howard, áit ar ceadaíodh dó scuaba agus ábhair eile a úsáid. Sa bhliain 1945, ofráladh conradh dánlainne dó le Victor Waddington, a bhainistigh an dánlann ba mhó le rá i mBaile Átha Cliath ag an am a chuir spéis ar leith san ealaín chom-haimseartha. Sna blianta i ndiaidh an chogaidh, thaistil sé go Páras agus bhí sé páirteach i ngrúpsheónna sa bhaile agus thar lear lena chairde Geard Dillon, George Campbell, Colin Middleton agus Nevill Johnson. In 1952, moladh go mór sa bhaile agus go hidirnáisiúnta é as an taispeántas iardhearcach a d'eagraigh CEMA in Iarsmalann agus Gailearaí Ealaíne Bhéal Feirste. Tar éis tréimhse a chaitheamh i Londain sna 1960í, d'fhill sé ar Bhéal Feirste agus d'fhan sé ann go dtí a bhás in 1974.



Daniel O'Neill (1920-1974) or 'Dan' as he was known to his friends, was born on 21st January 1920 in Dimsdale Street in West Belfast. Mostly self-taught, he was tutored by the painter Sidney Smith at his studio in Howard Street where he was allowed the use of brushes and materials. In 1945 he was offered a gallery contract with Victor Waddington who at that time ran the leading gallery in Dublin specializing in contemporary art. In the post- war years, he traveled to Paris and exhibited in group shows at home and abroad with friends, Gerard Dillon, George Campbell, Colin Middleton and Nevill Johnson. A retrospective exhibition at the Belfast Museum and Art Gallery in 1952, organized by CEMA led to critical acclaim at home and on the international stage. After a period in London in the 1960s, he returned to Belfast where he remained until his death in 1974.

**16/06/22 – 14/08/22**
**Dánlann Dillon**

# Ag Aimsiú Baile, Áit ar Linn í, Áit inar féidir linn bheith Linn Féin

**Le Patrick Hickey**

## *Looking for a Home, a Place to call our Own, a Place where we can be Alone*

**With Patrick Hickey**



Sa taispeántas seo tá saothar atá á chruthú ag an ealaíontóir Patrick Hickey le trí bliana anuas mar chuid dá dhochtúireacht cleachtasbhunaithe in Ollscoil Uladh, Béal Feirste. Scrúdaíonn an taispeántas an fhéiniúlacht aiteach Éireannach agus an fhearúlacht trí iniúchadh a dhéanamh ar fhíor an fhir lomnocht i leagan fantaisíochta de thírdhreach na hÉireann. Is minic a díbríodh daoine aiteacha go himeall na staire, i Stair na hEalaíne go háirithe, agus séanadh a gcearta orthu ar oileán na hÉireann go dtí le déanaí. Is é an sprioc atá le saothar agus le taighde Hickey ná na pearsana ceilte seo a thabhairt chun tosaigh, agus iad a lonnú i leagan ficseanaithe d'Éirinn a léiríonn oileán mistéireach a thugann tearmann do na carachtair, áit a mbíonn siad saor ó reitric na héadulaingthe agus na biogóideachta.

This exhibition features work artist Patrick Hickey has been creating over the past three years as a part of his practice-based PhD at Ulster University, Belfast. The exhibition explores queer Irish identity and masculinity through the exploration of the nude male figure in a fantasy version of the Irish landscape.
Queer people have often been relegated to the margins of history, Art History especially, and their rights have been denied on the island of Ireland until recently. The goal of Hickey's paintings and research is to bring forth these hidden figures, and place them in a fictionalised version of Ireland that depicts a mysterious island of refuge where they are free from intolerant and bigoted rhetoric.

**16/06/22 – 14/08/22**
**Ballaí Bána**










Forbairt Feirste
Ag Fíorú na Ceathrún Gaeltachta

# Ag Ceiliúradh Caomhnóireachta:
## Seisiúin an tSathairn

Beidh Forbairt Feirste ag reáchtáil sraith cainteanna ar théama Cheiliúradh Caomhnóireachta, a dhéanann ceiliúradh ar 30 bliain den Chultúrlann agus 130 bliain d'Eaglais an Bhealaigh Leathain. Titfidh na cainteanna amach ag 1.30in Dé Sathairn 30 Aibreán, Dé hAoine 27 Bealtaine agus Dé Sathairn 25 Meitheamh. Cuirfear sólaistí ar fáil. Fáilte roimh gach duine. Tá na cainteanna á maoiniú ag an Heritage Lottery Fund.

Forbairt Feirste will host 'a series of talks on the theme of Celebrating Custodianship marking 30 years of Cultúrlann and 130 years of Broadway Presbyterian Church at 1:30pm on Saturday the 30th of April, 1:30pm on Friday the 27th of May and 1:30pm on Saturday the 25th of June. Lights refreshments available. Everyone welcome. The talks are funded by the Heritage Lottery Fund.

**30|04|22 - 1:30pm Tom Hartley**
**27|05|22 - 1:30pm Peter Finn**
**25|06|22 - 1:30pm Véronique Altglas**

**Tuilleadh eolais le fógairt**
**Further info to come**

OIDHREACHTA CISTE
HERITAGE FUND

1991-2021
30
CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH



# Aisling Ghéar – Comóradh 25 Bliain

***Go raibh maith agaibh as an turas a dhéanamh linn***

## *Aisling Ghéar's 25th Anniversary*

***Thank you for being with us***

Agus ár bhfréamhacha go daingean againn i bpobal na Gaeilge i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, bhíomar gnóthach mar a bhí riamh, fiú i rith 'bhlianta Covid'. Bígí linn le haghaidh ceiliúradh speisialta agus Compántas Amharclainne Aisling Ghéar ag ceiliúradh 25 bliain ar an fhód i mbliana le hathsheoladh dár dtaispeántas atá tugtha chun dáta ó na chéad chéimeanna ar an stáitse in 1997.

Tá muid ar bís fosta ár gclár imeachtaí don bhliain amach romhainn a sheoladh. Bí ag súil le scéal a chuirfidh ola ar do chroí, dírigh isteach ar dhomhan garbh an chearrbhachais neamhshrianta 'i nGaeilge glúin úr ar leith de chuid Iarthair Bhéal Feirste - teanga atá beoga, uirbeach agus iontaofa' agus cuir deireadh leis an bhliain le féirín Nollag a bheas lán galántachta agus scéalta.

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH



Aisling Ghéar
COMPÁNTAS AMHARCLAINNE

With our roots firmly in the Irish language community in the heart of the Gaeltacht Quarter we've been busy as ever even during the 'Covid years'. Join us for a special celebration as Aisling Ghéar Theatre Company celebrates its 25th Anniversary this year with a relaunch of its exhibition brought bang up to date from its first steps on the stage in 1997.

We're also delighted to present our programme for the forthcoming year – expect a truly heart-warming story that will have you bursting with pride, delve deep into the gritty world of compulsive gambling, in 'the Irish language of a new generation particular to West Belfast, a language that is vital, urban and authentic' and finish the year with a Christmas treat with more tinsel, tales and tangerines than you can shake a stick at!!

**26/05/22**
**7:00pm**
**Le fíon, ceol agus sólaistí | With wine, music and nibbles**
**Cláraigh | Register: info@aislingghear.com**



## Raidió na Gaeltachta

### Bladhaire le hÁine Ní Bhreasláin

Beidh Bladhaire le hÁine Ní Bhreasláin ag teacht beo ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich. Clár siamsaíochta le seisiún ceoil agus aíonna áitiúla ag déanamh plé ar chúrsaí Gaeilge i mBéal Feirste cois cuain agus ar cheiliúradh 30 bliain na Cultúrlainne.
Beidh deis ag an lucht éisteachta a bheas linn ar an lá labhairt amach chomh maith agus a gcuid tuairimí a roinnt ar an aer.

Bladhaire with Áine Ní Bhreasláin will be coming live from Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. An entertainment programme with music and local guests discussing both the Irish language here in Belfast and the thirty year celebration of the life of the Cultúrlann.

There will also be a chance for the audience on the day to speak and to share their opinions on the air.

**29|04|22**
**3:00 - 5:00pm**



# Ranganna Gaeilge

Leanann ranganna Gaeilge na Cultúrlainne ar aghaidh go dtí an tríú téarma den bhliain acadúil seo. Tá cúrsa 10 seachtaine ar fáil ina gcuimsítear Bunrang, Meánrang agus Rang Comhrá atá dírithe ar leibhéal Ardranga. Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le **sinead@ culturlann.ie**

Cultúrlann's Irish classes continue on to the second term of this academic year. We offer a 10 week course which covers Beginner, Intermediate and a conversation class aimed at Advanced level. You can register or get additional information through contacting **sinead@culturlann.ie**

**20/04/22 – 29/06/22**
**7.00pm**
**10 seachtaine | 10 weeks**
**Costas: £30**
**Cláraigh | Register: https://ticketsolve.com**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




# Ranganna Amhránaíochta

## Sean-nós Singing Classes

Tá ranganna ceoil na Cultúrlainne faoi lán seoil arís. Ceoltar amhráin Ghaeilge (ar an sean-nós) arna gcóiriú ag Doimnic Mac Giolla Bhríde, an ceoltóir iomráiteach a bhfuil Corn Uí Riada bainte aige. Beidh na ranganna saor in aisce agus mairfidh an cúrsa 6 seachtaine.
Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le **sinead@culturlann.ie**

The Cultúrlann singing classes are back! This class focuses primarily on the rich tradition of Sean-nós singing in Irish, prepared and delivered by the award winning singer, Doimnic Mac Giolla Bhríde. There are no fees for these classes, which will run for 6 weeks.
You can register or get more info by contacting **sinead@culturlann.ie**

**14|04|22 - 30|06|22**
**6.00pm**
**6 seachtaine | 6 weeks**



# Ióga le Dunla

## Yoga with Dunla

Breathnaítear sa rang seo ar réimsí éagsúla de struchtúr, feasacht, análú agus gluaiseacht. Tá an rang dátheangach seo ag fóirstean go maith do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon.

This bilingual class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level.

**Ag tosú | Beginning 19/04/22 – 21/06/22**
**7.00pm**
**Rang seachtainiúil | Weekly class**
**Cláraigh | Register: sinead@culturlann.ie**



# Ciorcal Léitheoireachta

## Reading Circle

An maith leat a bheith ag léamh? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, tar chuig céad teacht le chéile na bliana den Chiorcal Léitheoireachta.Tagann an Ciorcal Léitheoireachta le chéile uair sa mhí. Fáilte roimh achan duine.

Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, come to the first get-to-gether of the year. The reading circle come together once a month. Fáilte roimh achan duine.

**Dátaí:**

**Dé Luain 25/04/22**

**Dé Luain 30/05/22**

**Dé Céadaoin 27/06/22**

**Déan teagmháil le Sinéad le clárú agus le tuilleadh eolais a fháil**

zoom




# Dianchúrsa Gaeilge

## Irish Language Intensive Course

Tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag reáchtáil Dianchúrsa Gaeilge. Is bealach iontach é dianchúrsa le cur go mór le do chuid scileanna teanga taobh istigh d'achar ama gairid. Cúrsa spreagúil eolasach a bheidh ann agus bíodh geall go gcothóidh an cúrsa seo muinín ionat as do chumas Gaeilge.
Is iad na leibhéil atá againn:
Bunrang – Meánrang – Ardrang

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich is running an Irish Language Intensive Course. Intensive courses are a great way to boost your language skills in a short space of time. The course will be both motivating and informative and will take your confidence in the Irish language to another level.
The levels we offer are:
Beginner – Intermediate – Advanced

**07/05/22**
**10am-3pm**
**Costas: £15**
**Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

# Na Meáin Shóisialta

## Social Media

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réim-se siamsaíochta a chuireann muid ar fáil.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained.

CULTÚRLANN
M[c]ADAM Ó FIAICH

Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann
Ciste Oidhreachta Heritage Fund
Foras na Gaeilge
Comhairle Chathair Bhéal Feirste
An Roinn Pobal